Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0211 (COD)**

9539/18
ADD 1

GAF 22
FIN 414
UD 114
AGRI 258
ENFOCUSTOM 114
JAI 544
ENFOPOL 287
EPPO 13
CADREFIN 52
CODEC 902

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 386 final/IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 386 final/IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2.

---

Faoi iamh: COM(2018) 386 final/IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2018
COM(2018) 386 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Clár Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh**

{SWD(2018) 294 final }

## IARSCRÍBHINN I

Liosta táscach na gcineálacha costas a chisteoidh an Clár i gcás gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97;

(a) na costais uile a bhaineann leis an infreastruchtúr buan teicniúil lena gcuirtear ar fáil do na Ballstáit na hacmhainní lóistíochta, uathoibrithe oifige agus TF a theastaíonn chun oibríochtaí comhpháirteacha custaim agus gníomhaíochtaí oibríochtúla eile a chomhordú, an t-infreastruchtúr sin a shuiteáil agus a chothabháil;

(b) aisíocaíocht costas iompair agus cóiríochta agus aon slánaíochtaí eile, i gcás inarb iomchuí, a thabhaíonn ionadaithe na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe tríú tíortha, a ghlacann páirt i misin an Chomhphobail, oibríochtaí comhpháirteacha custaim arna n-eagrú ag an gCoimisiún nó i gcomhpháirt leis an gCoimisiún agus cúrsaí oiliúna, cruinnithe *ad hoc* agus cruinnithe ullmhúcháin agus meastóireachta le haghaidh imscrúduithe riaracháin nó le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag na Ballstáit, i gcás ina n-eagraíonn an Coimisiún iad nó i gcás ina n-eagraítear i gcomhpháirt leis an gCoimisiún iad.

(c) caiteachas a bhaineann le bonneagar ríomhaireachta (crua-earraí), bogearraí agus naisc thiomnaithe líonra a fháil agus le staidéar, forbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu agus caiteachas a bhaineann leis na seirbhísí gaolmhara táirgeachta, tacaíochta agus oiliúna chun críche na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 515/97 a dhéanamh, go háirithe an chalaois a chosc agus a chomhrac;

(d) caiteachas a bhaineann le faisnéis a sholáthar agus caiteachas ar ghníomhaíochtaí gaolmhara a cheadaíonn rochtain ar fhaisnéis, ar shonraí agus ar fhoinsí sonraí chun críocha na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear i Rialachán 515/97 a dhéanamh, go háirithe an chalaois a chosc agus a chomhrac;

(e) caiteachas a bhaineann le húsáid an Chórais Faisnéise Custaim dá bhforáiltear in ionstraimí arna nglacadh faoi Airteagal 87 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe i gCinneadh 2009/971/CGB maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim, a mhéid a dhéanann na hionstraimí sin foráil maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh an caiteachas sin a sheasamh.

(f) caiteachas a bhaineann le comhpháirteanna an Aontais den líonra cumarsáide coiteann arna úsáid chun críocha phointe (c) a fháil agus le staidéar, forbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu.

## IARSCRIBHINN II

## TÁSCAIRÍ I dTACA LE FAIREACHÁN AR AN gCLÁR

Déanfar faireachán géar ar an gclár ar bhonn thacar táscairí atá beartaithe chun a oiread agus atá cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir bainte amach a mheas agus d'fhonn costais agus ualaí riaracháin a íoslaghdú. Chuige sin, baileofar sonraí a bhaineann leis na príomhtháscairí seo a leanas:

**Sainchuspóir 1**: Calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac.

> **Táscaire 1**: Tacaíocht a thabhairt chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac, arna thomhas mar seo a leanas:
>
> > 1.1: Ráta sástachta i dtaca leis na gníomhaíochtaí arna n-eagrú agus arna gcómhaoiniú/maoiniú tríd an gclár.
> >
> > 1.2: Céatadán na mBallstát a fhaigheann tacaíocht gach bliain a bhíonn an clár i bhfeidhm.

**Sainchuspóir 2**: Tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, maidir le cistí bainistíochta comhroinnte agus cistí cúnaimh réamhaontachais bhuiséad an Aontais.

> **Táscaire 2**: Ráta sástachta na n-úsáideoirí i dtaca le húsáid an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachtaí.

**Sainchuspóir 3**: Uirlisí a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise agus tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh in ábhair chustaim.

> **Táscaire 3**: An méid faisnéise cúnaimh fhrithpháirtigh a cuireadh ar fáil agus líon na ngníomhaíochtaí a bhaineann le cúnamh frithpháirteach ar tugadh tacaíocht dóibh.